II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/383 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Márta 2022

lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí *Metarhizium brunneum* tréithchineál Ma 43 (ar a dtugtaí *Metarhizium anisopliae var. anisopliae* tréithchineál BIPESCO 5/F52 roimhe seo), a mbaineann riosca íseal léi, a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 20(1) i gcomhar le hAirteagal 22(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún ([2]) áiríodh *Metarhizium brunneum* tréithchineál Ma 43 (ar a dtugtaí *Metarhizium anisopliae var. anisopliae* tréithchineál BIPESCO 5/F52 roimhe seo) mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([3]).

(2) Maidir leis na substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([4]).

(3) Formheas na substainte gníomhaí *Metarhizium brunneum* tréithchineál Ma 43 (ar a dtugtaí *Metarhizium anisopliae var. anisopliae* tréithchineál BIPESCO 5/F52 roimhe seo), mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 30 Aibreán 2022.

(4) Cuireadh isteach iarratas ar fhormheas na substainte gníomhaí *Metarhizium brunneum* tréithchineál BIPESCO 5/F52 i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([5]) laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Treoir 2008/113/CE ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2008 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun roinnt miocrorgánach a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 330, 9.12.2008, lch. 6).

([3]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).

(5) Chuir na hiarratasóirí isteach na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith comhlánaithe ina iomláine.

(6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") agus faoi bhráid an Choimisiúin í an 3 Meitheamh 2019.

(7) Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal. Scaip an tÚdarás an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan ar an iarratasóir agus ar na Ballstáit chomh maith chun barúlacha a fháil uathu agus sheol sé comhairliúchán poiblí ina leith. Chuir an tÚdarás na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(8) An 28 Meán Fómhair 2020, chuir an tÚdarás a chonclúid ([6]) in iúl don Choimisiún maidir le cé acu is féidir nó nach féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh *Metarhizium brunneum* tréithchineál BIPESCO 5/F52 na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Chuir an Coimisiún tuarascáil athnuachana agus dréacht den Rialachán seo maidir le *Metarhizium brunneum* tréithchineál Ma 43 (ar a dtugtaí *Metarhizium anisopliae var. anisopliae* tréithchineál BIPESCO 5/F52 roimhe seo) faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 21 Deireadh Fómhair 2021 agus an 1 Nollaig 2021, faoi seach. San iarratas a rinne na hiarratasóirí, is *Metarhizium brunneum* tréithchineál BIPESCO 5/F52 a thug siad ar an tsubstaint ghníomhach agus iad ag tagairt di. Mhol an Coimisiún ainm na substainte gníomhaí a athrú go *Metarhizium brunneum* tréithchineál Ma 43. Go deimhin, dhearbhaigh an tÚdarás gur fochultúir de thréithchineál Ma 43 iad BIPESCO 5 agus F52 agus gur comhionann na fochultúir sin ó thaobh airíonna bitheolaíocha agus géiniteacha de agus nach bhfuil siad éagsúil le bun-tréithchineál Ma 43.

(9) D'iarr an Coimisiún ar na hiarratasóirí barúlacha a chur isteach maidir le conclúid an Údaráis agus, i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 14(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, barúlacha maidir leis an tuarascáil athnuachana. Chuir na hiarratasóirí barúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.

(10) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach *Metarhizium brunneum* tréithchineál Ma 43 (ar a dtugtaí *Metarhizium anisopliae var. anisopliae* tréithchineál BIPESCO 5/F52 roimhe seo), suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(11) Measann an Coimisiún freisin gur substaint ghníomhach a mbaineann riosca íseal léi é *Metarhizium brunneum* tréithchineál Ma 43 (ar a dtugtaí *Metarhizium anisopliae var. anisopliae* tréithchineál BIPESCO 5/F52 roimhe seo) de bhun Airteagal 22 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Comhlíonann an tsubstaint ghníomhach sin na coinníollacha a leagtar síos i bpointe 5.2.1 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 toisc nár léirigh sí, ar leibhéal tréithchineáil, il-fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a úsáidtear in íocshláinte an duine nó in íocshláinte tréidliachta.

(12) Is iomchuí, dá bhrí sin, formheas *Metarhizium brunneum* tréithchineál Ma 43 (ar a dtugtaí *Metarhizium anisopliae var. anisopliae* tréithchineál BIPESCO 5/F52) mar shubstaint ghníomhach a bhfuil riosca íseal ag baint léi a athnuachan.

(13) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gcomhar le hAirteagal 6 de agus i bhfianaise an eolais eolaíoch reatha agus an eolais theicniúil reatha, is gá, mar sin féin, foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe.

(14) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

(15) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón lá tar éis dháta dhul in éag fhormheas *Metarhizium brunneum* tréithchineál Ma 43 (ar a dtugtaí *Metarhizium anisopliae var anisopliae* tréithchineál BIPESCO 5/F52 roimhe seo).

(16) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([6]) EFSA Journal [Iris EFSA] 2020;18(10):6274. Ar fáil ar líne: www.efsa.europa.eu.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheas ar an tsubstaint ghníomhach a athnuachan

Déantar formheas na substainte gníomhaí *Metarhizium brunneum* tréithchineál Ma 43, mar a shonraítear in Iarscríbhinn I, a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus an dáta cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Bealtaine 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Márta 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht [1]	Dáta formheasa	Dul in éag an fhormheasa	Forálacha sonracha
Metarhizium brunneum tréithchineál Ma 43	Ní bhaineann le hábhar	Gan aon eisíontas ábhartha	1 Bealtaine 2022	30 Aibreán 2037	Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le *Metarhizium brunneum* tréithchineál Ma 43, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II de. Sa mheasúnú foriomlán sin tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar chosaint na n-oibreoirí agus na n-oibrithe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féideartha iad miocrorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide.

[1] Tá tuilleadh sonraí maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí le fáil sa tuarascáil athnuachana.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 200 maidir le *Metarhizium anisopliae var. anisopliae* tréithchineál BIPESCO 5/F52;

(2) i gCuid D, cuirtear an iontráil seo a leanas léi:

Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht [1]	Dáta formheasa	Dul in éag an fhormheasa	Forálacha sonracha
"36	*Metarhizium brunneum* tréithchineál Ma 43	Ní bhaineann le hábhar	Gan aon eisíontas ábhartha	1 Bealtaine 2022	30 Aibreán 2037	Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le *Metarhizium brunneum* tréithchineál Ma 43, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II de. Tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar chosaint na n-oibreoirí agus na n-oibrithe, agus é á chur san áireamh go meastar gur íogróirí féideartha iad miocrorgánaigh iontu féin, agus é á áirithiú go n-áirítear trealamh cosanta pearsanta leordhóthanach mar choinníoll úsáide."

[1] Tá tuilleadh sonraí maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí le fáil sa tuarascáil athnuachana.